Leabhair an Uachtaráin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi leabhair a bhronn an tUachtarán ar leabharlanna i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. cáil _____
2. seilbh _____
3. bailiúchán _____
4. sciar _____
5. cuir san áireamh _____
6. sínithe _____
7. dírbheathaisnéis _____
8. na rialtais áitiúla _____
9. na háiseanna _____
10. dul chun cinn _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Éist leis an mír den dara huair, agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an mír arís, agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén cháil atá ar Uachtarán na hÉireann?
2. Cá raibh Micheál D. Ó hUigínn inniu?
3. Cé mhéad leabhar a chuir sé ar fáil?
4. Cén fáth a bhfuil leabharlanna an-tábhachtach, de réir an Uachtaráin?
5. Conas is féidir teacht ar na leabhair seo?

Ceist 4 '…bhronn…'

Bain úsáid as na briathra seo thíos chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin méid a rinne siad an deireadh seachtaine seo caite:

téigh, ceannaigh, faigh, abair, feic, déan, imir, ith

Comhrá samplach:

- *An ndeachaigh tú aon áit ag an deireadh seachtaine?*
- *Chuaigh. Chuaigh mé go dtí taispeántas ealaíne den scoth.*
- *An ndeachaigh? Cén áit a raibh sé?*
- *Bhí sé i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.*
- *Cén cineál taispeántais a bhí ann?*
- *Taispeántas ealaíne comhaimseartha. Bhí sé an-mhaith.*
- *Ní maith liom ealaín chomhaimseartha mar ní thuigim í.*

Ceist 5 '…bileog…' agus 'leabharlann…'

Féach ar na hiontrálacha thíos atá ar www.tearma.ie:

GA **bileog** *bain2*
gu bileoige, *ai* bileoga, *gi* bileog

GA **leabharlann** *bain2*
gu leabharlainne, *ai* leabharlanna, *gi* leabharlann

Anois bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí.

1. Tá an (bialann) _____ Iodálach sin go hiontach!
2. Is breá liom dath na (duilleog) _____ le linn an fhómhair.
3. Dún an (fuinneog) _____ mar tá na (cuileog) _____ ag teacht isteach ón ngairdín.
4. Nach bhfuil seoladh na (saotharlann) _____ le fáil ar an idirlíon?
5. Is mór an trua go bhfuil gúna na (bábóg) _____ stróicthe.
6. Feicfidh mé thú ag an (pictiúrlann) _____.
7. Tá líon na (dánlann) _____ ag méadú gach bliain.

Ceist 6 Pléigh na cineálacha leabhar thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

Leabhair fantaisíochta
Leabhair ficsin eolaíochta
Leabhair uafáis
Leabhair scéinséara
Leabhair ghrá
Leabhair bhleachtaireachta
Leabhair bheathaisnéise

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. cáil	*reputation*
2. seilbh	*possession*
3. bailiúchán	*collection*
4. sciar	*share*
5. cuir san áireamh	*take into account*
6. sínithe	*signed*
7. dírbheathaisnéis	*autobiography*
8. na rialtais áitiúla	*the local governments*
9. na háiseanna	*the facilities*
10. dul chun cinn	*progress*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Téigh: An ndeachaigh…? Chuaigh / Ní dheachaigh
Ceannaigh: Ar cheannaigh…? Cheannaigh / Níor cheannaigh
Faigh: An bhfuair…? Fuair / Ní bhfuair
Abair: An ndúirt…? Dúirt / Ní dúirt
Feic: An bhfaca…? Chonaic / Ní fhaca
Déan: An ndearna…? Rinne / Ní dhearna
Imir: Ar imir…? D'imir / Níor imir
Ith: Ar ith…? D'ith / Níor ith

Ceist 5
1. Tá an **bhialann** Iodálach sin go hiontach!
2. Is breá liom dath na **nduilleog** le linn an fhómhair.
3. Dún an **fhuinneog** mar tá na **cuileoga** ag teacht isteach ón ngairdín.
4. Nach bhfuil seoladh na **saotharlainne** le fáil ar an idirlíon?
5. Is mór an trua go bhfuil gúna na **bábóige** stróicthe.
6. Feicfidh mé thú ag an **bpictiúrlann**.
7. Tá líon na **ndánlann** ag méadú gach bliain.

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán. Is féidir chomh maith na ceisteanna seo a leanas a scríobh ar an gclár chun cuidiú leis na foghlaimeoirí an plé a dhéanamh:

An maith leat a bheith ag léamh?
Cad iad na saghsanna leabhar is fearr leat?
An bhfuil cur amach agat ar na seánraí atá sa liosta?
An féidir leat sampla de gach seánra a sholáthar?
Cad é an leabhar is fearr a léigh tú riamh? Déan cur síos air.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Anois, is fada cáil na litríochta ar an Uachtarán Michael D. Higgins, agus ní haon iontas mór é go bhfuil bailiúchán leabhar fairsing ina sheilbh aige. Inniu, bhronn sé sciar den bhailiúchán sin ar leabharlanna na tíre, agus beidh siad ar fáil don phobal le léamh as seo amach.

Sinéad Crowley
Bhí an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, ina leabharlann áitiúil inniu, i gCabrach i mBaile Átha Cliath, chun bailiúchán seacht gcéad leabhar a thabhairt do mhuintir na tíre.

Tá na leabhair seo i dteangacha éagsúla, Gaeilge san áireamh dar ndóigh, agus tá bileog istigh orthu ag rá go bhfuil an tUachtarán tar éis an leabhar a thabhairt go dtí an leabharlann mar bhronntanas.

Tá cuid de na leabhair sínithe ag na húdair agus tá gach saghas leabhair i gceist – ficsean, dírbheathaisnéis agus leabhair do pháistí san áireamh. Labhair an tUachtarán faoin dúil mhór atá aige féin i leabhair agus i gcúrsaí litríochta.

An tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn
Tá na leabharlanna fíorthábhachtach agus níos tábhachtaí anois ná mar a bhí siad riamh. Agus, go háirithe[1] na háiseanna a chuireann siad ar fáil saor in aisce mar is cuid den saol poiblí[2] iad. Agus, tá eolas agam faoin chuid is mó de na leabharlanna, mar shampla Pearse Street, agus is iontach an dul chun cinn atá déanta. Agus, tá súil agam ó thaobh na gcúrsaí … na rialtais áitiúla éagsúla ... aon rud a chuireann siad leis na háiseanna do na leabharlanna, tá siad ag tabhairt díreach don phobal iad. *So, ah no*, níl aon rud níos tábhachtaí ná leabhair.

Sinéad Crowley
Is féidir le muintir an phobail na leabhair a fháil ar iasacht ón leabharlann timpeall na tíre, nó staidéar a dhéanamh orthu ann.

Sinéad Crowley, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] *ach go háirithe* a dúradh
[2] *phobal* a dúradh